Nuachtlitir an tSamhraidh

NUACHT SPÓIRT

TURAIS

DUAISEANNA

NUACHTLITIR

Tá scoilbhliain eile beagnach imithe anois agus daltaí Mheánscoil Gharman ag tnúth go mór le laethanta saoire an tSamhraidh . Chuireamar isteach bliain eile an-mhaith a bhuí leis an obair chrua go léir a bhí ar siúl. Tharla iliomad imeachtaí éagsúla i rith na bliana ón gCeolchoirm Junk Kouture, an turas go dtí an Ghréig agus an ceann go Búcairist, Tráth na gCeist, Scléip, seó tallainne, spórt agus na himeachtaí go léir a bhí ar siúl ag an Idirbhliain- an malartú leis an Spáinn, YSI agus taithí oibre sa Fhrainc. Gabhaim buíochas leis na múinteoirí as an obair chrua a dhéanann siad i gcónaí, leis na tuismitheoirí a thugann tacaíocht don scoil agus dá bpáistí agus leis na daltaí as an iarracht a chuireann siad isteach chun an Ghaeilge a neartú i Loch Garman. Guím gach rath ar na daltaí i mbliain 6 agus 3 a bheidh ag tabhairt faoi na Scrúdaithe Stáit go luath. Tá súil agam go n-éireoidh go maith leo agus go mbeidh siad sásta leis na torthaí nuair a thagann siad amach san Fhómhar. Bíodh samhradh sábháilte, sona agaibh go léir agus le cúnamh Dé, beidh an aimsir go maith!

Titanic Second Year Trip to Belfast

Meánscoil Gharman's second year students headed to Belfast 2nd May for two jam-packed days of learning and fun. The trip began with an early morning disembark from the school's grounds and soon we were on our way thanks to our bus driver Bart who was ably assisted by Múinteoirí Stephen, Gillian and Ollie.

We reached the Giants Causeway after five and a half hours and we were blown away by the beauty of this UNESCO heritage site. It truly was remarkable and while we thought that it might have been boring looking at "some rocks" it was anything but. That evening we arrived at our Hostel (Farset International) at the Lower Falls Road and soon made ourselves at home. It was comfy and best of all we could move and mingle (until 10.30pm) between our friends rooms on our corridors. On the second day we had a packed Itinerary which consisted of a trip to Stormont which was informative, here we gained insight into the complicated politics of the Northern Irish assembly. Our guide was a fluent Irish speaker (as was our bus driver Bart) which was an added bonus. Then we made our way to the Titanic Experience which was a little underwhelming. There was so many objects, an artefacts and archives but in truth probably too many. (I would recommend coming back to this without 30 other students). Following an extended lunch break we finished the day with a guided bus tour of the city given by an exceptionally knowledgeable John. John gave us an insight into the history of the great city. Sadly Saturday was our last day of the trip. However, just when we thought it couldn't get any better- IT DID. The Crumlin Road Gaol tour was a real highlight, it was in equal parts shocking and fascinating. On our final leg of the trip we stopped in Tayto Park and spent the day (well those of us who were scared out of our senses) riding the largest Wooden Rollercoaster in Ireland.

All in all it was a great trip with many new adventures shared and many new friends made. It was an adventure of Titanic proportions (thankfully without the calamitous ending). Stiofán

SPÓRT

Beaganach, beagnach, beagnach, bua.

Ba bhliain iontach í ó thaobh an spóirt de i Meánscoil Gharman ach….

Ar dtús d'éirigh leis na buachaillí f16 dul ar aghaidh chuig Craobh an Oirdheiscirt don dara bliain as a chéile ach níor éirigh linn ann arís. Shroich na buachaillí sinsir, Craobh an Chontae don chéad uair riamh ach arís ní raibh an t-ádh linn ar an lá sin ach an oiread. Shroich na cailíní f16 Baile Átha Cliath agus an babtha leathcheannais, Cúige Laighean á imirt acu agus arís chailleamar.

Níor chaill buachaillí cispheile na chéad bhliana nó an dara bliain ach cluiche amháin as sé cinn ach arís ní raibh sé maith go leor agus ní dheachaigh an scoil ar aghaidh. Chuaigh na cailíní sa chéad bhliain céim amháin eile chun tosaigh ach theip orainn sa chluiche ceathrú ceannais. Bhí cúpla rás iontach ann sa rith tras tíre ach arís cuireadh deireadh lenár gcomórtas sa bhabhta réigiúnach. D'imir buachaillí f14 a mblitz iománaíochta, sa sneachta, ach bhí cúpla scoil eile ann rólaidir dúinn.

Agus muid ag druidim i dtreo an tsamhraidh, shroich cailiní camógaíochta f16 Craobh Laighean agus chuamar go Port Laoise lán le muinín. Faroar, níor rith an liathróid linn arís ar an lá mór agus thángamar abhaile gan chorn. Tháinig na buachaillí peile f14 abhaile le corn an chontae tar éis lá iontach peile i mBaile Loch Garman agus chláraigh siad don chraobh Laighean. Arís, d'éalaigh an bua uainn ann.

Cé go bhfuil tuairisc anseo faoi Mheánscoil Gharman ag cailleadh cluichí, is cluichí craobhacha go léir iad. Roimhe sin, bhuamar fórmhór na gcluichí a d'imríomar. Fiú ar na laethanta móra thaispeáin na foirne go leor spioraid agus throid siad go dtí an soicind deireanach. Táim lán cinnte go bhfuil an scoil ar bhóthar na maitheasa sa spóirt agus go mbeidh corn i ndiaidh coirn ag teacht abhaile linn go luath.

Ba mhaith liom buíochas ollmhór a ghabháil leis na múinteoirí go léir a chabhraigh linn sa spórt i mbliana. Pádraig, Linda, Elaine, Gillian, Holly, Rebecca, Eoin, Ollie, Stiofán. Go raibh míle maith agaibh go léir.

Daithí.

Seoltóireacht

Babhtaí Ceannais na n-Óg 2019

Harry Mac Tomais ag iomaíocht ag an léibhéal is airde in Éirinn. Bhí an comórtas ar siúl sa "Royal Cork Yacht Club" i gCarraig Uí Leighin, Corcaigh. Mhair an comórtas ceithre lá san iomlán ó Déardaoin an 24ú go dtí Dé Domhnaigh an 29ú lá. Ach mar gheall ar stoirm Hannah bhí dhá lá sa lár curtha ar ceal. Is mar gheall air seo nár éirigh leo ach seacht rás san iomlán a dhéanamh. Ar dtús bhí na coinníollacha gaoithe an-bhog ach d'éirigh siad níos láidre, tháinig Harry Mac Tomáis, ó bhliain 2, agus a chriú sa chúigiú háit sa "420 class" agus sa 4ú háit sa roinn faoi 19.

Bhí am iontach acu sa chomórtas seo agus tá siad ag tnúth go mór leis na comórtais eile atá ag teacht i mbliana.

Ambasadóirí Aeráide

Tá an Clár Ambasadóirí Aeráide ina phríomhghné den Idirphlé Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus cuireann An Taisce ar fáil é le maoiniú ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Comhshaoil. Roghnaíodh 4 Ambasadóir Aeráide ón scoil seo i mbliana. Is ambasadóirí iad Múinteoir Elaine agus daltaí Cian Ó hIfearnáin, Saoirse Lodge agus Carla Ní Chlualaigh.

Is í aidhm an chláir ná laochra a aithint i scoileanna a n-oibreoidh mar ambasadóirí don athrú aeráide chun feasacht a mhéadú faoi na cúiseanna agus na torthaí a bhaineann leis an athrú aeráide agus go dtabharfaidh siad faoi ghníomhaíochtaí ar scoil nó sa phobal chun go mbeidís níos buanseasmhaí ó thaobh an athraithe aeráide de trína dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú.

Cuireadh oiliúint ar na hambasadóirí in araon leis an gcoiste glas le gairid. Tá go leor le déanamh ag na hambasadóirí idir anois agus deireadh na bliana.
Elaine

Polathollán

Tá an coiste glas i mbun garraíodóireachta faoi láthair le cúnamh Ger. Cuireadh meascán de phlandaí óga agus síolta le gairid. Le cúnamh Dé, beidh réimse leathan de thrátaí, léitísí agus glasraí éagsúla againn. Tá scileanna iontacha foghlamtha ag na daltaí agus mar a deir an seanfhocal ‘An té nach gcuireann san earrach, ní bhaineann sé san Fhómhar’

Lá Feasachta Timpeallachta

Ar an 15ú déag de mhí an Mhárta, bhailigh pobal na scoile le chéile le práinn chun ár linne a phlé. Tá athrú aeráide de bhun gníomhaíochta daonna ina fhadhb phráinneach dhomhanda, agus is é sin príomhdhúshlán comhshaoil na haoise seo. Labhair daltaí amach os ard ag léiriú gur chúis imní í dóibh. Beartaíodh go raibh ar gach duine gníomhnú ar son na timpeallachta de agus nach raibh an dara rogha againn. Cuireadh an Conradh Glas le chéile agus shínigh gach dalta agus baill foirne é. Crochófar an Conradh Glas ar scoil agus cuirfidh sé ár gcuid spriocanna i gcuimhe dúinn.

Búcairist

Chuaigh 11 ón idirbhliain go Búcairist i mbliana. Gach bliain téann daltaí ón idirbhliain ann chun cabhrú le páistí a thagann ó chlanna nach bhfuil mórán maoine acu. An fheidhm a bhí againn ná eolas a scaipeadh go poiblí faoi na daoine thall i mBúcairist, an drochchás atá orthu agus an chabhair atá uathu.

Le chéile mar ghrúpa, bhailíomar níos mó ná €9000 do na “Street Children of Bucharest”. Bhaineamar an-sult as an turas agus an deis iontach a thug an fhoireann dúinn buaileadh leis na páistí bochta sin agus cabhrú leo feabhas a chur ar a saol. Beidh na cuimhní againn go deo ar an eispéireas iontach seo. Meaghan

Comórtas Náisiúnta Scileanna Gairme

D'éirigh le Daniel de Fhurloing an chéad áit a bhaint sa chomórtas náisiúnta seo. Chuir sé imscrúdú gairme le chéile maidir lena thaithí oibre sa Fhrainc agus maidir leis na scileanna nua a d'fhoghlaim sé ann. Bhuaigh sé corn, GoPro agus €1,000 ar son na scoile. Comhghairdeas le Aoife Nic Ghiolla Bhríde freisin, fuair sí ardmholadh ar an lá chomh maith. Rinne an bheirt acu sár-iarracht sa chomórtas seo agus táimid fíorbhródúil astu.

Aitheantas ón Roinn

Gach bliain, bronnann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ceithre Theastas ar iarrthóirí a mholtar ina leith go bhfuil na haistí is fearr scríofa acu ag Ardleibhéal Gaeilge na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh aiste Ciara Ní Bhroin i mbliana agus tá muid fíorbhródúil aisti. Ba dhalta den céad scoth í agus molaimid go mór í.

Garda Youth Awards

Comhghairdeas mór le Sorcha ó bhliain 6, Eoghan agus Molli ó bhliain 3, Adam ó bhliain 2 agus Éire ó bhliain ar a bhronnadh Duais Óige na nGardaí Síochána le déanaí in Oifigí na Comhairle Chontae i Loch Garman.

Tráth na gCeist Pi

Ghlac ceathrar daltaí ón dara is ón triú bliain páirt i gcomórtas mata ar lá speisialta Pi i gCill Cheannaigh. Tomás Ó Doinn, Eoghan Ó Díomasaigh, Daithí Ó Dubhlaoich agus Stuart Rosaitéar ag iomaíocht sa chomórtas.

Bhí réimse ceisteanna ann a chur dúshlán ar na daltaí. Bhain na buachaillí idir sult is tairbhe as an oíche. D'éirigh go maith leo sa chomórtas.

IMTA Comórtas Mata 2019

Ghlac Gavin Ó Conchubhair agus Fiachra Ó Liatháin ón gcéad bhliain páirt i gcomórtas mata eagraithe ag an 'Irish Maths Teachers Association' le déanaí. Tar éis comórtas scoile d'éirigh leis na buachaillí ardchaighdeán a bhaint amach. Bhí an chraobh i mBuiríos, Ceatharlach agus dár leis na buachaillí go raibh na ceisteanna dúshlánach cé go raibh cead acu an t-aireamhán a úsáid.

D'éirigh le Fiachra teacht sa triú háit agus bhí Gavin gar dó ó thaobh marcanna de. Bronnadh teastas agus gradam ar Fhiachra agus teastas ar Gavin. Comhghairdeas libh a bhuachaillí.

Siopa APOIS

Ba mhaith leis an gCoiste Glas agus Coiste 'One Good Idea' na hidirbhliana buíochas a ghabháil le gach éinne a thug cúnamh agus tacaíocht don siopa malartaithe. Ardaíodh feasacht i measc phobal na scoile go bhfuil gá dúinn ár n-earraí a laghdú agus iad a ath-úsáid. Is iomaí rud a théann ar aghaidh chuig an líonadh talún agus d'fhoghlaíomar go bhfuil orainn a bheith níos cúramaí agus níos ciallmhaire lenár stuif

YSI

Comhghairdeas leis an dream YSI. D'éirigh leo an rannóg " Making our world a better place: Sexual Health" a bhuachaint.

An Coiste Gaeilge

Bhí bliain an-ráthúil ar fad againn mar choiste agus bhíomar an-ghnóthach ag eagrú imeachtaí éagsúla chun an Ghaeilge a spreagadh timpeall na scoile agus ag glacadh páirte in imeachtaí náisiúnta ar nós, Gaeilge 24, Scléip agus Dúshlán . I mí na Nollag, d'eagraigh an coiste seó tallainne don scoil agus ghlac daltaí ó gach bliain páirt ann. Bhí an t-atmaisféar go hiontach agus bhain chuile dhuine sult as. Mar is eol do chách bhí páirt lárnach ag an gCoiste Gaeilge i saol na scoile i mbliana. Gach mí roghnaíomar Gaeilgeoir na Míosa. Thugamar an duais seo don duine a shíleamar a bhí sár-iarracht déanta acu lena gcuid Gaeilge. Ina theannta sin, ritheamar Comórtas Mhéim na Míosa ar meanscoilstagram, leathanach instagram na scoile. Bhain na daltaí an-taitneamh as a bheith ag spiocadh as na múinteoirí sna méimeanna a chruthaigh siad! Chuireamar an-bhéim ar an nGaeilge a chur chun cinn ar na meáin shóisialta i mbliana agus bhí an-rath ar meanscoilstagram. Chruthaíomar físeán agus d'eagraíomar an taifead ar 'I bhfad ón domhan seo'. Chabhraigh iardhalta na scoile Fionn Griffin linn an t-amhrán a thaifead agus tá an físeán le feiceáil ar Youtube. Ar deireadh d'éirigh linn ár gcúigiú Gaelbhratach a bhaint amach. Chaith súil ar ár bhfíseán anseo https://www.youtube.com/watch?v=9T6IbjsegJA